



## Tuarascáil Bhliantúil 2018      Faoi chosc go dtí an 4 Aibreán, 07:00 am

**Forálacha teanga an Achta Craolacháin; easpa cumais córas ríomhaireachta déileáil le síntí fada; agus fiosrúchán foirmiúil, den chéad uair, maidir le húsáid Twitter chun críocha oifigiúla i measc na n-ábhar faoi chaibidil i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Teanga.**

Léiríonn fiosrúcháin de chuid Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla go bhfuil an líon clár trí Ghaeilge a chraoltar ar RTÉ thar a bheith easnamhach, ar neamhréir le toil an Oireachtais agus ag sárú forálacha teanga an Achta Craolacháin, 2009. Léiríodh san imscrúdú go bhfuil níos lú ná 1% de na cláir a craoladh ar theilifís RTÉ sonraithe mar chlár Ghaeilge in ainneoin dualgas reachtúil réimse cuimsitheach clár a chraoladh sa teanga.

Dúirt an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill...

*“Tá sé seo ar cheann de na himscrúduithe is tábhachtaí a láimhseáil m’Oifig ó bunaidh í. Siod í an chéad uair a rinneadh imscrúdú foirmiúil ar chomhlíonadh dhualgais an Achta Craolacháin sa mhéid is a bhaineann siad le craoltóireacht na Gaeilge. Léiríonn torthaí an fhiosraithe nach bhfuil ach 0.7% de na cláir theilifíse ar RTÉ sonraithe mar chlár Ghaeilge. Nó, i bhfocail eile, gur i mBéarla amháin atá thart ar 99% de na cláir theilifíse ar an stáisiún.”*

Léiríodh san imscrúdú chomh maith go raibh séanraí ann a bhfuil cur síos déanta orthu san Acht Craolacháin ar chóir clár Ghaeilge a chraoladh ina leith nár freastalaíodh i nGaeilge orthu ar chor ar bith nó ar tearc ar fad an freastal a rinneadh orthu. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil tuiscint chinnte ag RTÉ ar céard is ‘clúdach cuimsitheach’ ann i mBéarla ach go bhfuil an chosúlacht air go bhfuil tuiscint iomlán eile ar céard atá i gceist leis sin i nGaeilge.

Tá sé molta ag an gCoimisinéir Teanga go gcuirfeadh RTÉ plean feidhmithe faoina bhráid ina sonróaí na bearta a ghlacfaidh an craoltóir náisiúnta chun comhlíonadh na ndualgas reachtúil teanga a chinntiú.

*“Is léir go dteastaíonn cur le líon na gclár Gaeilge ar bhealach córasach agus cuimsitheach, i go leor réimsí clár, chun go gcomhlíonfaí na dualgais san Acht Craolacháin,”*

a dúirt an Coimisinéir Teanga.

Tá achoimre ar an imscrúdú seo, mar aon leis na seacht n-imscrúdú eile a thug an Coimisinéir Teanga chun críche anuraidh, le fáil i dTuarascáil Bhliantúil Oifig an Choimisinéara Teanga don bhliain 2018.

San áireamh sna himscrúduithe sin tá:

- *Comhairle Contae na Gaillimhe* maidir le héisiúint tuíteanna i mBéarla amháin agus a bhain le ceantair Ghaeltachta. Bhí seo ag sárú scéim teanga reachtúil na Comhairle féin. Siod í an chéad uair chomh maith a rinne an Oifig imscrúdú foirmiúil faoi úsáid Twitter.
- *An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil*, a sháraigh reachtaíocht teanga nuair nár fhoilsigh sí cuid de Thionscnamh Éireann, 2040 i nGaeilge nuair a seoladh é
- *Iarnród Éireann* maidir lena easpa cumais glacadh le síntí fada ar chóras áirithintí traenach an chomhlachta, mar aon le sárú ar reachtaíocht i dtaca le comharthaíocht
- *Comhairle Contae Chorcaí* faoi Google Translate a úsáid ar a suíomh gréasáin agus
- an *Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara* as poist a fhógairt i gceantair Ghaeltachta gan aon riachtanas ó thaobh na Gaeilge de a bheith ag dul leis na poist sin.

Chomh maith leis na himscrúduithe sin léirigh an tUasal Ó Domhnaill a dhíomá nach raibh an comhoibriú a fuair a Oifig ó Amharclann na Mainistreach ar an gcaighdeán a mbeadh sé ag súil leis ó amharclann náisiúnta na tíre. Chinn an Coimisinéir Teanga, in imscrúdú dá chuid, nach raibh roinnt den chomharthaíocht a bhí in úsáid san amharclann ag cloí leis na dualgais reachtúla a bhaineann le húsáid na dteangacha oifigiúla.

Ar an iomláin fuair an Oifig 634 gearán ó dhaoine den phobal anuraidh, mionlaghdú ó 2017 (0.63%). Bhain formhór na ngearán le heaspa Gaeilge ar suíomhanna gréasáin, foirmeacha iarratais, comharthaíocht agus stáiseanóireacht. Réitíodh formhór mór na ngearán tríd an bpróiseas neamhfhoirmiúil réitithe gearán a fheidhmíonn an Oifig.

Thug an tUasal Ó Domhnaill suntas dó, i gcás beagnach leath na ngearán a fuair a Oifig anuraidh, nár bhain na gearáin sin le hAcht na dTeangacha Oifigiúla. Dúirt sé:

*“Léiríonn sé seo, an athuir, an gá práinneach le leasú a dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla chun cinntiú go bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm agus ag freagairt do riachtanais na ndaoine ar mian leo seirbhísí trí Ghaeilge a fháil ón Stát. Faoi láthair tá difear soiléir le brath idir céard atá ag teastáil uathu siúd atá ag lorg seirbhís stáit trí Ghaeilge agus an méid a fhaigheann siad. Caithfear aghaidh a thabhairt air seo trí Acht Teanga níos láidre agus níos éifeachtaí a thabhairt chun cinn chomh luath agus is féidir. “*

CRÍOCH

Tuilleadh eolais:

**Órla de Búrca**

Bainisteoir Cumarsáide

091 504006 / 0872307182

 @ceartateanga  [eolas@coimisineir.ie](mailto:eolas@coimisineir.ie)

[www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie)